Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

# Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta

# Scrúdú Nascmhodúl

# 2012

## Réiteach & Scéim Mharcála

## Scrúdú Scríofa

**Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160**

**Gradam 128 marc**

**Fiúntas 104 marc**

**Pas 80 marc**

**Nótaí Scéime Marcála agus Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála**

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt ar aird agus an scéim mharcála seo á breithniú

- Níl na nótaí tacaíochta atá léirithe eisiach nó cinntitheach agus is féidir glacadh le freagraí ailtéarnacha má mheastar iad a bheith bailí;
- Is nótaí tacaíochta iad agus ní freagraí samplacha ná molta;
- Déantar pointí eolais ábhartha breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a bhronnadh ar bhonn a gcuid fiúntas;
- Tá na sonraí a theastaíonn i bhfreagra ar bith cinntithe ag an gcomhthéacs agus ag an mbealach a chuirtear an cheist agus ag líon na marcanna a tugadh don fhreagra ar an bpáipéar scrúdaith.  Dá bhrí sin is féidir le riachtanais agus leithdháiltí marcanna athrú ó bhliain go bliain.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

**C.1** Cén t-ainm atá ar an gcuideachta a bhfuil Diarmaid ag obair leo? **1 mharc**

Tá Diarmaid ag obair le RP Restorations.

**C.2** Scríobh síos na cáilíochtaí atá ag Diarmaid. **2 mharc**

Tá an Ardteistiméireacht déanta aige. Rinne sé staidéar ar innealtóireacht ar an gcoláiste agus bhain sé cáilíocht amach i gCaomhnú Foirgnimh Stairiúla i Londain.

**2 @ 1m**

**C.3** Déan cur síos ar ról Dhiarmada mar 'Bhainisteoir Tionscadail'. **3 mharc**

1. Caithfidh sé an tionscadal um athchóiriú a phleanáil agus a bhainistiú ó thús go deireadh.
2. Caithfidh sé a chinntiú go bhfuil gach rud ina cheart.
3. Caithfidh sé a chinntiú go ndéantar an obair in am agus go gcloítear leis an mbuiséad.
4. Caithfidh sé a chinntiú go ndéanann na daoine ar fad ar an láithreán teagmháil lena chéile.
5. Déanann sé foireann mhór a bhainistiú.

**3 @ 1m**

**Cuid 2**

**C.4** Mínigh cén fáth ar shíl Diarmaid gur ghá dó cruinniú a bheith aige le Tomás. **4 mharc**

1. Shíl Diarmaid gur gá dó cruinniú a bheith aige le Tomás le feiceáil conas atá ag éirí leis leis an bhfoireann.
2. Rinne oibrithe eile gearán le Diarmaid faoi agus luaigh siad go bhfuil an dearcadh atá aige ag cur isteach ar a gcuid oibre.
3. Táthar ar deireadh leis an obair agus tá sé sin ag cur isteach ar dhaoine eile.
4. Ní dhéantar tuarascálacha ar dhul chun cinn a chomhdú in am agus cuireann sé sin isteach ar phleanáil na seachtaine dar gcionn.
5. Tá sé tugtha faoi deara ag cliaint go bhfuil drochatmaisféar ar an láithreán/Tá drochatmaisféar ar an láithreán
6. Tá eagla air go n-éireoidh oibrithe eile as an obair.

**4 @ 1m**

**C.5** Déan cur síos ar an tairbhe a d'fhéadfadh Tomás a bhaint as an gcruinniú le Diarmaid. **4 mharc**

1. D'fhéadfadh Tomás aiseolas a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí ag dul san obair dar leis féin/d'fhéadfadh sé coinníollacha oibre nó an pá a phlé/d'fhéadfadh sé aon chúis ghearáin a chur in iúl os ard.
2. D'fhéadfadh Tomás aiseolas a fháil ó Dhiarmaid/caidreamh níos fearr a fhorbairt le Diarmaid nó lena chuid comhghleacaithe.
3. D'fhéadfadh sé aiseolas diúltach a fháil go príobháideach chun taobh na honóra a choinneáil amach.
4. Tabharfar an deis do Thomás a chuid scileanna TF a fheabhsú trí oiliúint a fháil.
5. Níor cheart go mbeadh Tomás faoin oiread sin struis a bhuí leis an gcruinniú seachtainiúil le Diarmaid.

**4 @ 1m**

**C.6** Cén rud a d'fhéadfadh Diarmaid a dhéanamh chun strus Thomáis a laghdú ar an tionscadal seo?
**4 marks**

1. Ba cheart go mbeadh cruinniú rialta aige ó thús an tionscadail le cinntiú go bhfuil gach duine ar an eolas faoi gach gné den obair.
2. D'fhéadfadh sé an oiliúint chuí TF a sholáthar ón tús agus forbairt bhailí a dhéanamh uirthi.
3. Ba cheart dó a chinntiú go raibh an sceideal níos réadúla ná mar a bhí agus go ndearnadh forbairt bhailí air.
4. Dá ndéanfaí pleanáil cheart ag an tús ní bheadh ach an méid is lú athbhreithnithe le déanamh.

**2 @ 2m**
**(1 + 1)**

**Cuid 3**

**C.7** Cén fáth a bhfuil sé riachtanach scileanna maithe cumarsáide a bheith ag bainisteoirí mar Dhiarmaid? Mínigh do fhreagra.
**6 mharc**

**1.** Tá sé riachtanach scileanna maithe cumarsáide a bheith ag bainisteoirí mar Dhiarmaid mar bíonn air déileáil le go leor daoine difriúla, e.g. oibrithe línte, maoirseoirí. Bíonn air foirne a rialú agus a bhainistiú ar an láithreán freisin.
**2.** Bíonn air déileáil le saincheisteanna a bhaineann le fostaithe cosúil le coimhlintí, daoine aonair nach mbeadh a gcuid oibre thar mholadh beirte.
**3.** Ó tharla gurb eisean an bainisteoir caithfidh sé a bheith muiníneach chun a údarás a léiriú.
**4.** Bíonn air labhairt lena oibrithe agus a bheith ar an eolas faoi aon fhadhbanna sula n-imíonn siad ó smacht/sula gcuireann siad isteach ar an obair.
**5.** Bíonn air éisteacht lena oibrithe, cur amach a fháil ar shaineolas an lucht oibre, riachtanais oiliúna a aithint.

**3 @ 2m**
**(1 + 1)**

**C.8** Léirigh Diarmaid cumas maith/bua bainistíochta. An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Mínigh do fhreagra.
**6 mharc**

**1.** Déanann sé féinmhachnamh cuí, admhaíonn sé go bhfuil a lochtanna féin aige e.g. drochsceidealú.
**2.** D'aithin sé cé chomh luachmhar is a bhí sé fostaithe maithe amhail Tomás a bheith aige.
**3.** Tá sé buartha faoina chliaint. Éisteann sé lena chliaint agus ba mhaith leis go mbeidís ar an eolas faoi fhorbairtí ar an láithreán agus cothrom leo ionas nach mbeidís buartha.
**4.** Tá a cheird aige, tá bealach socair aige, choinnigh sé nótaí scríofa agus cáipéisí maidir leis na gearáin in aghaidh Thomáis/Tá sé go deas ach diongbháilte.
**5.** Tá scileanna maithe réitithe fadhbanna aige/téann sé i ngleic le fadhbanna.

*Féadfaidh iarrthóirí easaontú leis an ráiteas sin freisin.

**3 @ 2m**
**(1 + 1)**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.1** Mínigh conas a rachaidh an lárionad acmhainní pobail chun sochair do mhuintir Ghleann an Chairthe.
**6 mharc**

1. Is áis mhaith é ina bhféadfaidh grúpaí pobail, naíolanna, clubanna agus eagraíochtaí áitiúla bualadh le chéile.
2. Is áis iontach é do ghrúpaí lucht scoir, daoine óga agus do dhaoine atá níos sine ná sin bualadh le daoine eile in atmaisféar réchúiseach.
3. D'fhéadfadh sé meanma mhaith pobail/fiontraíochta a spreagadh sa cheantar.
4. D'fhéadfadh sé go gcuirfí clubanna nua ar bun mar gheall air sin.
5. Rachaidh an lárionad acmhainní/an oifig shéasúrach turasóireachta chun sochair do roinnt gnólachtaí áitiúla/do sheach-chuideachta, d'fhostaíocht indíreach- caifí, nithe is díol spéise do thurasóirí, Leaba is Bricfeasta agus óstáin.
6. Soláthrófar fostaíocht/fostaíocht dhíreach sa lárionad.
7. Soláthraítear oiliúint/uas-sciliú.

**3 @ 2 mharc an ceann**
**(1m ar a lua + 1m ar chur síos)**

**C.2**

(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis gur mhaith leis an gComhairle Chontae daoine ón bpobal áitiúil agus daoine ó ghrúpaí gnó a bheith páirteach i gcoiste an lárionaid acmhainní.
(ii) Mínigh an fáth go bhfuil tábhacht leis an taighde margaidh a rinne an coiste sular chuir sé a phlean le chéile.
(iii) Roghnaigh ceann amháin de na riachtanais phobail a sainaithníodh sa suirbhé. Cad iad na himpleachtaí don choiste má shocraíonn sé ar sheirbhís a chur ar fáil chun freastal ar an riachtanas sin? **12 marc**

(i)

1. Teastaíonn ón gComhairle Contae fáil amach cad iad na nithe a theastaíonn ón bpobal áitiúil agus ó ghrúpaí gnó a d'fhéadfaí a sholáthar sa lárionad/go mbeadh páirt acu i gcinntí a dhéanamh faoin bplean forbartha.
2. Rachaidh an réimse leathan scileanna agus tallann sna grúpaí sin chun sochair don choiste/Costais laghdaithe de bharr seirbhísí a bheith á gcur ar fáil ag daoine áitiúla.
3. Tá scileanna i mbainistíocht gnó agus airgeadais ag lucht gnó a theastaíonn le cinntiú go mbíonn rath ar an tionscadal.
4. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh grúpaí gnó infheistíocht i bhforbairt an lárionaid/urraíocht sa lárionad/caidreamh poiblí a neartú.
5. Spreagann sé spiorad pobail níos fearr mar má tá daoine áitiúla páirteach ann ón tús beidh siad níos dearfaí faoin lárionad pobail agus faoina rannpháirtíocht/faoi reáchtáil an lárionaid.

**2 @ 2 mharc an ceann**
**(1 + 1)**

(ii)

1. Tá tábhacht leis sin le riachtanais grúpaí difriúla sa tsochaí a aithint ionas go bhféadfaidís díriú isteach ar a gcuid pleanála.
2. Tá tábhacht leis freisin le cinntiú nach gcuirtear airgead amú i seirbhísí nár éilíodh/a sholáthraítear cheana féin a chur ar fáil sa cheantar áitiúil.
3. Má théitear i gcomhairle le daoine áitiúla léirítear go gcuirtear luach ar a gcuid tuairimí agus tá seans níos mó go dtabharfaidís tacaíocht don lárionad nuair a osclófar é.

**2 @ 2 mharc an ceann**
**(1 + 1)**

(iii) Roghnaigh riachtanas amháin. **2 mharc**

Impleachtaí don choiste má shocraíonn sé ar sheirbhís a sholáthar chun freastal ar an riachtanas sin**.**

**2 @ 1m**

**Ní mór impleacht bhailí an riachtanais a sholáthar.**

Naíolann:

Ní mór foireann oilte a sholáthar.
D'fhéadfadh saintrealamh a bheith de dhíth.
Tá ábhair imní ann ó thaobh Sláinte agus Sábháilteachta de.

Club Óige/Caife:

Cé a oibreoidh sa chlub óige/sa chaife e.g. oibrithe deonacha nó foireann a íocfar?
Cén aoisghrúpa a bhfreastalóidh an club/an caifé air?
D'fhéadfadh saincheisteanna sláinteachas bia nó riachtanais Sláinte agus Sábháilteachta a bheith i gceist.
D'fhéadfadh saintrealamh a bheith de dhíth.

Grúpa Lucht Scoir:

Ní mór an gairdín a chothabháil.
Ní mór ríomhairí a sholáthar agus d'fhéadfadh múinteoirí a bheith de dhíth chun scileanna TF a mhúineadh.
Tharlódh go mbeadh ar an gcoiste cinneadh a dhéanamh maidir leis an iomad úsáide a d'fhéadfaí a bhaint as cosúil le bollaí, cártaí etc. a imirt ann.

Áiseanna cruinnithe/oiliúna:

Ní mór rochtain Idirlín a sholáthar.
Beidh trealamh cosúil le deasca agus cathaoireacha de dhíth le haghaidh cruinnithe.
Beidh trealamh TF e.g. ríomhairí, teilgeoirí sonraí de dhíth.
Beidh páirceáil saor in aisce agus rochtain éasca ar an bhfoirgneamh de dhíth.
Beidh áiseanna sólaistí ag teastáil in áis mar sin.
Gheobhaidh an coiste ioncam tríd an lárionad a úsáid ar an tslí sin.

Ranganna Caitheamh Aimsire:

D'fhéadfadh méideanna difriúla ranganna a bheith de dhíth ag brath ar an úsáid a bhainfí astu.
Ar cheart bainisteoir lánaimseartha a fhostú? D'fhéadfadh an coiste cinneadh a dhéanamh go bhféadfaí grúpaí áitiúla na seomraí a fháil ar cíos.
D'fhéadfadh áiseanna ceatha a bheith de dhíth má táthar le gníomhaíochtaí spóirt a phleanáil.
Beidh ar an gcoiste uaireanta oscailte an lárionaid a chinneadh e.g. sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

**C.3**

(i) Cén tairbhe a bhainfeadh an pobal áitiúil as Scéim Fostaíochta Pobail FÁS a úsáid?

(ii) Leag amach an mhír Airgeadais de Phlean Forbartha lárionad acmhainní Ghleann an Chairthe, ag cur san áireamh an chostais a bhaineann le bunú an lárionaid agus lena reáchtáil ina dhiaidh sin.

**12 marc**

(i)
1. D'fhéadfadh daoine áitiúla atá dífhostaithe fostaíocht a fháil/d'fhéadfaí fadhbanna sóisialta a mhaolú.
2. D'fhéadfadh an coiste airgead a shábháil trí na hoibrithe seo a fhostú toisc go n-íocann FÁS a gcuid pá leo.
3. D'fhéadfadh an cineál seo oibre a bheith oiriúnach dóibh siúd ar mian leo oibriú go páirtaimseartha agus fanacht ina gceantar áitiúil.
4. D'fhéadfadh an coiste tairbhe a bhaint as cineálacha difriúla oibrithe.
5. Sholáthrófaí oiliúint/uas-sciliú do dhaoine áitiúla.
6. Spiorad pobail cruthaithe. Feictear muintir na háite ag obair ar an tionscadal.

**3 @ 1m**

(ii)

1. Ní mór an fochoiste Airgeadais a chur ar bun:
   Ceap cisteoir, déan cinneadh maidir leis an duine a shíníonn seiceanna etc.
2. Baincéireacht – oscail cuntas bainc/faigh iasacht:
   Déan cinneadh maidir leis an mbanc agus leis an gcineál cuntais e.g. cuntas taisce, cuntas reatha bainc etc. is ceart a úsáid.
3. Déan iarratas ar dheontais/Scéim Fostaíochta Pobail FÁS:
   Déan taighde le feiceáil cé na deontais atá ar fáil agus conas is féidir iarratas a chur isteach orthu. Ní mór don choiste Airgeadais fáil amach cén t-eolas is gá chun maoiniú a fháil ón Lató.
4. Imeacht bailithe airgid:
   Ní mór a chinneadh cén chaoi a ndéanfar airgead a bhailiú, céard a tharlóidh go díreach agus cé a bheidh i gceannas air sin. Cé mhéad a bhaileofar agus cén úsáid a bhainfear as e.g. costais caipitil nó costais reatha?
5. Costais tionscnaimh buiséadaithe:
   Baineann costais leis an leagan amach agus leis an dearadh agus is gá costais a íoc leis an té a dhéanann an obair sin. Bíonn costais athchóirithe, ábhar agus troscáin i gceist.
6. Costais laethúla reatha buiséadaithe an lárionaid:
   Ní mór costais foirne, costais a bhaineann le téamh agus soilsiú agus le glantachán agus cothabháil a mheas.
7. Déan an t-ioncam a d'fhéadfadh clubanna a chruthú a mheas:
   Déan an méid ioncaim a d'fhéadfaí a thuilleamh a mheas trí chostais a ghearradh ar sheomra cruinnithe a úsáid. Déan aon fhoinsí ioncaim eile a aithint.

**9 marc**
**3 @ 3m**
**(1 + 1 + 1)**
**2 phointe ar bhunú + marc amháin ar reáchtáil**
**Nó**
**2 phointe ar reáchtáil + 1 phointe ar bhunú**
**Ní cheadaítear freagraí a thabhairt an athuair**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1** (a) Ainmnigh **ceithre** shlí eile ar féidir an post a fhógairt. **4 mharc**

1. Idirlíon/suíomhanna gréasáin
2. Gníomhaireachtaí earcaíochta
3. Aonaigh phoist
4. Ionaid oiliúna/oifigí FÁS
5. Clár fógraí i siopaí/i ngnólachtaí/Fógraíocht amuigh faoin aer
6. Raidió
7. Teilifís
8. Irisleabhair

**4 @ 1m**

(b) (i) Mínigh cén fáth go bhfuil Newsradio Tta ag iarraidh duine a fhostú a bhfuil scileanna maithe idirphearsanta aige/aici.

(ii) Mínigh cén fáth a bhfuiltear ag iarraidh ar na hiarrthóirí teistiméireachtaí nó ainmneacha moltóirí a bheith ar an CV acu.

**4 mharc**

(i) Tá scileanna maithe idirphearsanta tábhachtach toisc go mbeadh an fostaí ag déileáil agus ag déanamh cumarsáide le cineálacha difriúla daoine agus custaiméirí.
Ní mór d'fhostaithe oibriú go maith le daoine eile agus mar chuid d'fhoireann.

**2 @ 1m**

(ii) Úsáidtear teistiméireachtaí chun iontaofacht an fhostaí fhéideartha/chun cáilíocht a c(h)uid oibre agus chun a (h)oiriúnacht don phost etc. a fhiosrú/Soláthraíonn moltóirí faisnéis ríthábhachtach d'fhostóir féideartha/deimhníonn siad go bhfuil na sonraí a thugtar ceart.

**2 @ 1m**

(c) Scríobh an litir iarratais don phost atá fógartha. **9 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Seoladh an tseoltóra | 1m | | |
| Seolaí | | | |
| Dáta | 1m | Litriú | 1m |
| An chéad abairt- A chara.} | 1m | Gramadach | 1m |
| An abairt deiridh- Le gach dea-ghuí.} | | | |
| Leagan amach/Néatacht | 1m | | |
| ML:/An fáth a bhfuil siad ag scríobh | 1m | | |
| Ráiteas | 1m | | |
| CV faoi iamh | 1m | | |

(d) Déan cur síos ar conas a rachfá go mór i bhfeidhm ar agallóir (í) le go mbeadh seans níos fearr agat an post a fháil. **8 marc**

1. Ní mór a bheith ann in am/a bheith poncúil.
2. Ní mór bheith gléasta go slachtmhar, íomhá phroifisiúnta a léiriú/bheith gléasta go cuí/bheith cíortha glanta.
3. Ní mór bheith ullmhaithe go maith/bheith ar an eolas faoi na fíricí faoin gcuideachta/do CV a athbhreithniú/a léiriú go ndearnadh taighde ar an bpost.
4. Ní mór gothaí dearfacha coirp a úsáid/lámh a chroitheadh/suí i gceart/féachaint sa tsúil/bheith béasach.
5. Ní mór labhairt go soiléir agus go mall le cinntiú go gcloiseann agus go dtuigeann an t-agallóir do chuid ceisteanna ar fad/Cuma mhuiníneach a bheith ort
6. Ní mór na ceisteanna ar fad a iarrtar ort a fhreagairt, soiléiriú a iarraidh mura dtuigeann tú an cheist/ceist chliste a ullmhú. **4 @ 2m**

**(1 + 1)**

**C.2 Is éard atá san obair dheonach ná duine ag caitheamh a chuid ama ag obair ar son daoine eile nó ar son cúis éigin, gan aon íocaíocht a fháil as a chuid ama ná seirbhíse**.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na fáthanna a ndéanann daoine obair dheonach ar son eagraíochtaí pobail/carthanais.

**4 mharc**

1. Bíonn siad ag iarraidh difear a dhéanamh agus cur leis an bpobal nó leis an tsochaí/taitneamhachtaí níos fearr/seirbhísí do ghrúpa daoine a sholáthar/an saol a fheabhsú i gcomhair grúpa daoine.
2. Bíonn daoine ag iarraidh rud éigin dearfach a dhéanamh lena gcuid ama saor/agus iad dífhostaithe.
3. Cuireann sí feabhas ar scileanna pearsanta.
4. B'fhéidir go bhfuil suim ag daoine aonair dúshlán pearsanta a chur fúthu féin nó cur lena gcuid féinmhuiníne/sásamh pearsanta a fháil/Gaisce a dhéanamh.
5. D'fhéadfadh sé go ndeachaigh an eagraíocht sin chun sochair do bhaill teaghlaigh.
6. Cuireann sí leis an CV/faightear taithí luachmhar.
7. An ghné shóisialta/is féidir bualadh le daoine nua/cairde nua a dhéanamh.

**2 @ 2m**
**(1 + 1)**

(b) Luaigh agus mínigh na freagrachtaí atá ar oibrí deonach i leith eagraíochtaí pobail/carthanais.

**6 mharc**

1. Bíonn orthu cloí le haidhmeanna agus le luachanna na heagraíochta. Bíonn orthu seasamh leis na luachanna sin i gcónaí.
2. Bíonn orthu a bheith tiomanta don obair agus an obair a dhéanamh ar ardchaighdeán/imeachtaí bailithe airgid.
3. Bíonn orthu freastal ar na seisiúin oiliúna go léir agus faisnéis a fuarthas a úsáid san obair.
4. Ní mór meas a bheith acu ar rúndacht na gcliant agus na heagraíochta.
5. Bíonn orthu caitheamh le baill/cliaint le meas agus le dínit.
6. Bíonn orthu oibriú go maith le hoibrithe deonacha/baill foirne eile.
7. Bíonn orthu bheith inmhuiníne/iontaofa/poncúil/muiníneach.

**Forbairt ábhartha bhailí riachtanach**
**3 @ 2m**

**(1 + 1)**

(c) Déan cur síos ar na saincheisteanna ba chóir don eagraíocht phobail/charthanais a chur san áireamh sula n-earcaíonn siad oibrithe deonacha. **6 mharc**

1. Ar bhunaigh siad beartais, nósanna imeachta agus sainchuntais phoist chearta?
2. Ar bhunaigh siad nósanna imeachta cearta grinnfhiosrúcháin agus cé a dhéanann an méid sin a sheiceáil?
3. Ní mór dóibh an cumhdach árachais ceart agus coinníollacha oibre sábháilte a sholáthar.
4. Ní mór dóibh a chinntiú go soláthraítear maoirseacht, tacaíocht/oiliúint leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha d'oibrithe deonacha.
5. Cé na réimsí/na poist a dteastaíonn oibrithe deonacha uathu agus cé na scileanna riachtanacha/líonta riachtanacha

**3 @ 2m**
**(1 + 1)**

(d) Déan cur síos ar an tslí ar féidir le heagraíocht phobail/charthanais measúnú a dhéanamh ar chomh maith agus a bhaineann siad leas as oibrithe deonacha. **9 marc**

1. Is féidir athbhreithniú a dhéanamh le feiceáil an bhfuiltear ag cloí leis na haidhmeanna e.g. an bhfuil na hoibrithe deonacha ag freastal ar riachtanais na heagraíochta/an bhfuil an eagraíocht á rith go héifeachtach? Is féidir leibhéal rannpháirtíochta na n-oibrithe deonacha a sheiceáil.
2. Is féidir an líon oibrithe deonacha a choinnítear a sheiceáil. An bhfanann oibrithe deonacha go fadtéarma agus an bhfanann siad dílis don eagraíocht?
3. Is féidir suirbhé a dhéanamh ar na hoibrithe deonacha le feiceáil an bhfuil siad sásta leis an obair agus an gcuireann lucht bainistíochta na heagraíochta luach orthu dar leo. Is féidir fáil amach an mothaíonn siad go gcuirtear tacaíocht ar fáil dóibh agus an bhfuil siad ag baint tairbhe as obair dheonach a dhéanamh don eagraíocht.
4. Is féidir grúpdhíospóireacht a chur ar siúl leis na hoibrithe deonacha ionas go bhféadfadh gach duine cur leis an bplé. Is féidir a chinntiú go dtugann siad a gcuid tuairimí agus aiseolais dá ndeoin féin agus go macánta.
5. Is féidir suirbhé a dhéanamh ar na cliaint/ar an bpobal áitiúil le feiceáil an bhfuil a gcuid cliant sásta leis na seirbhísí a sholáthraítear agus an athróidís aon ní.

**3 @ 3m**
**(1 + 2)**

**C.3 Tá an obair foirne ina gné shuntasach den saol oibre inniu agus den chuid is mó de ghníomhaíochtaí Chlár Gairmiúil na hArdteistiméireachta.**

(a) Ainmnigh gníomhaíocht foirne **amháin** de Chlár Gairmiúil na hArdteistiméireachta a raibh tú féin páirteach inti. **1 mharc**

Aon ghníomhaíocht ábhartha. 1m

(b) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** shlí a bhfuil tairbhe le baint as an obair foirne sa ghníomhaíocht sin de Chlár Gairmiúil na hArdteistiméireachta. **6 mharc**

1. Baintear spriocanna amach níos tapúla agus roinntear an obair/déantar níos mó oibre.
2. Is féidir cinntí a dhéanamh nó fadhbanna a réiteach ar bhealach níos tapúla.
   Roinntear an fhreagracht agus ní bhíonn an iomarca brú ar dhuine amháin/glacann gach duine úinéireacht ar an gcuid sin den tasc as a bhfuil siad freagrach.
4. Beidh éagsúlacht láidreachtaí/scileanna nó smaointe/ag baill foirne. Roinntear taithí agus scileanna/breis smaointe.
5. Seachnaítear agóidí toisc go mbíonn cumarsáid idir a chéile mar chuid riachtanach d'obair foirne/tá guth ag gach duine.
6. Féadann daltaí oibriú níos dlúithe leis na daoine sin a mbíonn leas comhchoiteann acu.
7. Cuirtear feabhas ar scileanna cumarsáide/idirphearsanta.
8. Bíonn daltaí níos sásta de réir mar a théann caidrimh leis na daoine sa rang i bhfeabhas/spreagadh níos fearr.

**3 @ 2m**
**(1 + 1)**

(c) Déan cur síos ar na tréithe a bhaineann le foireann rathúil. **8 marc**

1. Bíonn réimse tallann nó láidreachtaí acu/ba cheart dóibh a bheith ildánach.
2. Bíonn gach ball an-tiomanta do chomhsprioc/inspreagtha le caighdeán ard a bhaint amach/pleanáil.
3. Sonraítear róil agus freagrachtaí baill foirne go soiléir.
4. Éistear leis na smaointe agus na tuairimí go léir agus cuirtear luach orthu/cuirtear suas le dearcthaí eile.
5. Bíonn muinín ag baill foirne as a chéile, oibríonn siad i gcomhar lena chéile agus bíonn atmaisféar maith ann.
6. Bíonn ceannaire láidir ann le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do na baill foirne ar fad/déantar gach rath a aithint.
7. Bíonn cumarsáid/comhairliúchán rialta idir bhaill foirne/réiteach fadhbanna.

**4 @ 2m**
**(0, 2)**

(d) (i) Luaigh agus mínigh na deacrachtaí/dúshláin a bhaineann leis an obair foirne.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfaí na deacrachtaí/dúshláin sin a shárú.

**10 marc**

1. Tharlódh go mbeadh roinnt ball foirne ann nach ndéanann a gcion féin.
   Ba cheart cruinnithe rialta a eagrú le dul chun cinn baill foirne a athbhreithniú nó lena gcuid dualgas a shonrú go soiléir.
2. Tharlódh nach mbeadh baill foirne ag obair go maith lena chéile/go mbeadh pearsantachtaí ceannasacha/ardcheannasacha acu/clonscairt phearsantachta.
   Cuir cleachtadh ar fáil chun spiorad foirne a fhorbairt i measc na mball/tabhair idirghabhálaí isteach.
3. Easaontas
   Pléann baill cinntí agus aontaíonn siad go ndéanfaidh siad cinntí críochnaitheacha nó bíonn cinntí áirithe solúbtha le go bhféadfaí teacht ar aontú.
4. Tharlódh go mbeadh sé deacair obair na foirne a phleanáil agus a chomhordú.
   Bíonn ceann foirne láidir ag teastáil a shonraíonn róil na foirne go soiléir/a eagraíonn cruinnithe rialta.
5. Tharlódh go mbeadh an iomarca cainte agus nach mbeadh dóthain oibre á déanamh/easpa scileanna laistigh den fhoireann.
   Bíonn oiliúint de dhíth. Is gá béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cloí le sceidil ama.

**Luaigh agus mínigh**: **2 @ 3m (2 + 1)**
**Deacrachtaí/dúshláin a shárú: 2 @ 2m**
**(0, 2)**

**C.4 Is céim riachtanach í an phleanáil chun gníomhaíocht fiontair a bhunú agus a reáchtáil.**

(a) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an bpleanáil nuair a bhíonn gníomhaíocht fiontair á bunú agus á reáchtáil.

**4 mharc**

1. Leagtar aidhmeanna agus gníomhaíochtaí amach go soiléir.
2. Bíonn gach duine ar an eolas faoin gcuspóir atá le baint amach.
3. Is féidir dul chun cinn na gníomhaíochta a sheiceáil ach comparáid a dhéanamh leis an bplean le feiceáil an gá aon athruithe/cinntí a dhéanamh.
4. Leagtar síos tréimhse agus sprioc-amanna leis an bpleanáil a chinntíonn go mbíonn gach duine ar an mbóthar ceart.
5. Baineann tábhacht le pleanáil chun buiséid/sceideal na gcostas a chur le chéile/le bheith ar an eolas faoi riachtanais airgeadais/acmhainní riachtanacha/ag teastáil nuair atáthar ag cur isteach ar iasacht nó ar dheontas.
6. Baineann tábhacht léi chun anailís LLDB a dhéanamh, le féachaint ar iomaíocht, le laigí a aithint le teacht roimh fhadhbanna.

**2 @ 2m**
**(1 + 1)**

(b) Luaigh dhá mhodh taighde a úsáidtear nuair a bhíonn gníomhaíocht fiontair á pleanáil. Déan anailís ar úsáideacht gach modh ar baineadh feidhm as. **6 mharc**

1. Glaoch gutháin, cruinnithe duine le duine, labhairt le Príomhoide agus múinteoirí na scoile agus le haon duine eile páirteach ann.
   Is féidir faisnéis a iarraidh go díreach.
   Faightear freagraí ar an toirt.
   Is féidir soiléiriú a sholáthar más gá/ceisteanna a mhíniú.
   Éasca le déanamh.
2. Suirbhé/Ceistneoir/Bosca Moltaí
   Níl sé costasach an modh taighde sin a úsáid.
   Is féidir cineálacha éagsúla faisnéise a bhailiú go héasca.
   Is féidir é a riar go tapa agus freagraí a chur i gcomparáid go héasca.
   Fanann gach freagra gan ainm.
   Ráta ard freagartha.
3. Idirlíon
   Is féidir rochtain a fháil ar an iomad faisnéise go héasca.
   Is féidir é sin a dhéanamh ó do dheasc aon am i rith an lae nó san oíche.
   Níl sé costasach an cineál sin taighde a dhéanamh.
   (Tharlódh nach mbeadh an fhaisnéis sonrach do riachtanais na gníomhaíochta/gur dheacair an fhaisnéis a scagadh).
4. Ransú smaointe/Plé sa Rang/Grúpdhíospóireacht
   Is féidir leis an rang ar fad a bheith páirteach sa mhodh taighde sin.
   Is féidir le gach duine a thuairim a thabhairt maidir leis na smaointe a nochtar.
   Is féidir é a riar go tapa agus a dhéanamh i seisiún aonair.
5. Foilseacháin
   Tá fáil ar an leabharlann saor in aisce.
   Tá fáil ar chineálacha éagsúla faisnéise.

   **Glactar le léirmheas dímholta bailí ach é a fhorbairt

**2 @ 3m**
**(1+ 2)**

(c) Ainmnigh **dhá** ábhar Ardteistiméireachta a chabhraigh leat do chuid féin de ghníomhaíocht fiontair an ranga a chríochnú. Tabhair cúis le **gach** ábhar a d'ainmnigh tú. **6 mharc**

| | |
|---|---|
| An t-ábhar a ainmniú | 1m |
| An chúis bhailí ar roghnaigh tú an t-ábhar | 2m |

**2 @ 3m**
**(1 + 2)**

(d) Tá tábhacht le hathbhreithniú agus le measúnú a dhéanamh ag deireadh gníomhaíochta fiontar.

(i) Déan cur síos ar na réimsí éagsúla den ghníomhaíocht fiontair ar gá measúnú a dhéanamh orthu.

(ii) Mínigh cén fáth ar chóir measúnú a dhéanamh ar **gach** ceann de na réimsí sin. **9 marc**

1. Ar baineadh na haidhmeanna amach? An ndearnadh an ghníomhaíocht de réir mar a bhí leagtha amach sa phlean? Ar soláthraíodh an táirge ceart? Léiríonn sé sin go raibh siad réalaíoch.
2. An raibh na cliaint/múinteoirí/mic léinn sásta leis an ngníomhaíocht?
3. Maidir le hobair foirne/le hobair mar ghrúpa, ar ghlac an rang ar fad páirt sa ghníomhaíocht?
4. Bainistiú ama – ar cloíodh leis na sceidil ama?
5. Costais – ar chloígh an rang leis an mbuiséad/an ndearna sé an brabús a rabhthas ag súil leis?
6. Scileanna nua a foghlaimíodh/a forbraíodh.

**3 @ 3m**
**1 + 2m**
**(0, 2)**

**C.5** Trí fhiosrú a dhéanamh ar fhiontar gnólacht áitiúil, faigheann daltaí tuiscint níos fearr ar céard a bhíonn i gceist dáiríre le gnólacht a reáchtáil.

(a) Ainmnigh gnólacht áitiúil agus luaigh an táirge/an tseirbhís a sholáthraíonn sé.

**3 mharc**

| | |
|---|---|
| Ainm | 1m |
| Táirgí/seirbhís | 2m |

(b) Ainmnigh **dhá** ghníomhaireacht a thugann tacaíocht do ghnólachtaí nua. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál tacaíochta a thugann **gach** gníomhaireacht díobh sin. **6 mharc**

| | |
|---|---|
| Ainm na gníomhaireachta | 1m |
| Cineál tacaíochta 2m | 2 @ 1m |

1. Boird Fiontar Contae

   Seirbhísí Meantóireachta
   Tugtar comhairle
   Soláthraítear cúrsaí le cuidiú leat do ghnólacht féin a thosú
   Soláthraítear deontais chun staidéir féidearthachta a dhéanamh
   Deontais chaipitil le haghaidh trealamh/costas caipitil

2. Fiontraíocht Éireann

   Soláthraítear deontais
   Tugtar comhairle

3. Cuideachtaí Comhpháirtíochta Ceantar Áitiúil

4. Leader +

   Soláthraítear deontais
   Tugtar comhairle do ghnólachtaí nua i gceantair uirbeacha nó tuaithe áirithe nó do chineálacha áirithe gnólachtaí
   Soláthraítear áitreabh
   Ceardlanna/oiliúint

5. FÁS/SOLAS

   Soláthraítear oiliúint i réimsí áirithe.
   Oibrítear le coláistí áirithe ina gcuirtear cúrsaí ar fáil.
   Féadfaidh fostóirí poist a fhógairt ina gcuid oifigí.

6. Údarás na Gaeltachta
7. GFT Éireann
8. Teagasc
9. Fáilte Éireann

(c) Tá sé beartaithe ag do rang cuireadh a thabhairt d'úinéir gnólachta teacht ar cuairt chun caint le rang Chlár Gairmiúil na hArdteistiméireachta. Leag amach an clár don chéad chruinniú chun an chuairt isteach sin a eagrú. **7 marc**

| | |
|---|---|
| Teideal | 1m |
| Leagan amach/pointí uimhrithe | 1m |

Clár Oibre

1. Ní mór an coiste a thoghadh*
2. Liosta a chur le chéile den obair atá le déanamh/Cead a fháil ón bpríomhoide
3. Cinneadh a dhéanamh maidir le dáta agus am na cuairte/an chainteora
4. Ní mór an buiséad/na costais a phlé
5. Ní mór an obair atá le déanamh a roinnt
6. AGE
7. An chéad chruinniú eile a eagrú **5 @ 1m**

* Pointe éigeantach

(d) (i) Cad iad na céimeanna ba chóir a ghlacadh chun a chinntiú go n-éireoidh leis an gcuairt isteach?

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na rudaí is mó a theastaíonn chun gnólacht a reáchtáil go rathúil. **9 marc**

(i)
1. Ní mór cainteoir maith a roghnú.
2. Ní mór labhairt leis an gcainteoir roimh ré le bheith ar an eolas faoina c(h)uid riachtanas/chun socruithe a dheimhniú.
3. Ní mór a chinntiú go bhfuil an seomra ullmhaithe mar is ceart.
4. Ní mór cead an Phríomhoide a fháil chun an chuairt isteach a eagrú.
5. Ní mór trealamh closamhairc a shocrú roimh ré.
6. Ní mór am leordhóthanach a chur i leataobh don chuairt.
7. Caithfidh gach duine a bheith cinnte faoi na tascanna difriúla as a bhfuil siad freagrach. Ní mór coiste a bhunú.
8. Ní mór roinnt taighde a dhéanamh/ceisteanna a ullmhú roimh ré.

**5 @ 1m**

(ii)
1. Cúrsaí airgeadais- ní mór a bheith réalaíoch faoi na buiséid.
2. Ní mór pleananna réalaíocha a dhéanamh agus a leanúint.
3. Ní mór taighde a dhéanamh chun seirbhís/táirge cuí a sholáthar.
4. Ní mór d'fhostaithe a bheith iontaofa agus dul faoi oiliúint cheart.
5. Suíomh na gnólachta/gar do mhargaidh/infreastruchtúr maith.
6. Bainistíocht/cinnireacht mhaith + forbairt bhailí uirthi.

**2 @ 2m**
**(0, 2)**

**C.6 Tá athrú tagtha ar an saol oibre le blianta beaga anuas.(a)** 'Sa timpeallacht oibre nua-aimseartha bíonn an éagsúlacht á cur chun cinn san ionad oibre.' Mínigh cad a thuigtear le héagsúlacht san ionad oibre. **3 mharc**

Bíonn meascán mór daoine ag obair ann idir fhir, mhná, dhaoine óga agus sheandaoine ó thíortha éagsúla, dhaoine inniúla agus dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

**Meascán daoine 1m + 2 shampla @ 1m an ceann**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a d'fhéadfadh eagraíocht a bhaint as éagsúlacht san ionad oibre. **6 mharc**

1. D'fhéadfadh fostaithe óga foghlaim ó fhostaithe atá níos sine ná iad, agus a mhalairt.
2. Tagann fostaithe ó chúlraí éagsúla, mar sin, beidh dearcadh/seasamh éagsúil acu a d'fhéadfadh a bheith cabhrach agus cinntí á ndéanamh.
3. D'fhoghlaimeofaí conas cur suas le daoine eile/ní bhíonn aon duine níos fearr ná aon duine eile.
4. Beidh éifeacht dhearfach ag dearcthaí éagsúla i leith na hoibre ar dhaoine eile.
5. Réimse scileanna a fheabhsú m.sh. teangacha

**2 @ 3m**
**(2 + 1)**

**(c)** Tá freagrachtaí dlíthiúla follasacha ar fhostóirí maidir le daoine óga (faoi bhun 18 bliain d'aois) a fhostú. Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** de na freagrachtaí sin. **8 marc**

1. Ní mór don fhostóir cóip de theastas breithe/phas a choinneáil do gach duine faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.
2. Ní mór taifid mhionsonraithe a choinneáil ar ainm, ar dháta breithe agus ar ráta pá an duine óig agus ar an am a thosaíonn agus a chríochnaíonn sé/sí.
3. Ní mór déanamh de réir an dlí m.sh. ag tosú go moch ar maidin agus ag críochnú go déanach sa tráthnóna/laethanta saoire.
4. Sosanna. Tá oibrithe óga i dteideal sos a ghlacadh níos minice ná fostaithe atá níos sine ná iad.
5. Is gá cead a fháil i scríbhinn i gcás daoine óga faoi bhun sé bliana déag d'aois/toiliú tuismitheora nó caomhnóra a fháil.

**4 @ 2m**
**(0, 2)**

(d) Luaigh agus mínigh na freagrachtaí a bhíonn ar oibrithe maidir le Sláinte agus Sábháilteacht san ionad oibre. **8 marc**

1. Bíonn orthu na treoracha/treoirlínte/nósanna imeachta sábháilteachta ar fad a leanúint.
2. Bíonn orthu innealra agus trealamh a úsáid mar is ceart.
3. Bíonn orthu na héadaí cosanta ar fad a chaitheamh etc.
4. Bíonn orthu tuairisc a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le gach timpiste agus guais sábhála.
5. Bíonn orthu freastal ar gach seisiún oiliúna agus scileanna a chleachtadh/eolas a úsáid san obair.
6. Bíonn orthu caitheamh le gach duine eile le meas. Níl cead bulaíocht a dhéanamh san ionad oibre.
7. Bíonn orthu an ráiteas sábháilteachta/na fógraí sábháilteachta a léamh agus cloí leo.

**4 @ 2m**
**(1 + 1)**